Heritage Keepers
EXPLORE AND ENHANCE YOUR PLACE

# Garraí Dearmadta an Ghorta Mhóir

Bhí muid ar shiúlóid dúlra lá amháin nuair a thug mé iomairí aisteacha ar an talamh faoi deara. Bhí siad cosúil le tonnta a bhí reoite. "Céard iad sin?" a dúirt mé liom féin.

Bhí duine sa rang a dúirt gur 'ainneoir' nó 'leapacha leisciúla' an t-ainm a bhí orthu agus gur bhain siad le haimsir an Ghorta Mhóir. Cé nach raibh mórán foghlamtha againn faoin nGorta Mór ar scoil faoin am sin, thosaigh mé ag smaoineamh faoi cén sórt saoil a bhí ag na daoine a bhí ina gcónaí i mo cheantar féin le linn aimsir an Ghorta Mhóir. D'iarr muid ar ár múinteoir cead a thabhairt dúinn togra faoin nGorta Mór a dhéanamh. D'aontaigh siad agus chabhraigh siad linn eolas a aimsiú i leabhair agus ar líne. Thug muid cuireadh do sheandálaí áitiúil teacht isteach chun labhairt linn, agus thug muid cuairt ar iarsmalann áitiúil.

Mar rang, thóg muid macasamhail de theachín ó aimsir an Ghorta Mhóir le cré agus lego agus rinne muid taispeántas faoin saol mar a bhí sé ag an am. Thug muid cuireadh don scoil ar fad chuig an taispeántas. Bhí gach duine ag iarraidh cloisteáil faoin gcuid seo dár stair áitiúil. Agus mé i mo sheasamh ansin ar lá an taispeántais, mhothaigh mé an-bhródúil ar fad asam féin go raibh an chuid thábhachtach seo dár stair curtha os comhair an phobail againn.